



AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS

AN SÉÚ CRUINIÚ IOMLÁNACH

DÚN DEALGAN, 7 FEABHRA 2008

COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an séú cruinniú iomlánach den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan ar an 7 Feabhra 2008.
2. I gceannas ar thoscaireacht Rialtas na hÉireann bhí an Taoiseach, Bertie Ahern T.D., agus ba é a bhí ina chathaoirleach ar an gcruinniú. I gceannas ar thoscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann bhí an Céad-Aire, an Dr. Ró-Onórach Ian Paisley, MP MLA agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness, MP MLA. Tá liosta iomlán de bhaill an dá thoscaireacht faoi iamh mar larscríbhinn.
3. Bhí díospóireacht leathan ag na hAirí ar cheisteanna a bhí dírithe ar thairbhí praiticiúla a chur ar fáil, comhoibriú ar shaincheisteanna a bhaineann leis an AE agus le Tionscnamh Thairseach an Iar-Thuaiscirt san áireamh. Chuir na hAirí fáilte roimh an deis chun na ceisteanna seo, chomh maith le ceisteanna tábhachtacha eile, a phlé.

Tuarascáil ar Dhul chun Cinn na CATT

4. Nótáil an Chomhairle tuarascáil ar phríomhfhorbairtí sa Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) tríd na trí chruinniú Aireachta déag a tionóladh ón gCruinniú Iomlánach deireanach i mí Iúil 2007.
5. Thacaigh an Chomhairle leis an dul chun cinn atá déanta, ar a n-áirítear comhaontú ar struchtúr bainistíochta chun na cinní maidir leis an A5 (Tairseach an Iar-Thuaiscirt go hAchadh na Cloiche) agus an A8 (Béal Feirste go Latharna) a

bhogadh ar aghaidh. Cuireadh fáilte freisin roimh an dul chun cinn go dtí seo ar an moladh maidir le Droichead an Chaoil.

6. Chuir an Chomhairle fáilte roimh chomhaontú ar na modhanna chun athoscailt stráice de Chanáil Uladh, idir Cluain Eois agus Loch Éirne Uachtair, a bhogadh ar aghaidh.
7. Bhí an Chomhairle ag tnúth leis an measúnú a dhéanfar go luath ar roghanna maidir le forbairt amach anseo ar sheirbhís traenach an Enterprise idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste – go háirithe maidir le méadú ar mhinicíocht na seirbhíse agus laghdú ar an méid ama a thógann na turais.
8. D'aontaigh na hAirí go mbeadh an comhoibriú ar Shábháilteacht Bóthair ina phríomhthosaíocht acu i gcónaí – ar a n-áirítear aitheantas do dhícháiliú tiománaithe agus do phointí pionóis agus sábháilteacht bóthair i gceantair na teorann.
9. D'aontaigh an Chomhairle go bhfuil earnáil na turasóireachta ag cur go mór le fás eacnamaíoch agus le fostaíocht agus chuir sí fáilte roimh spriocanna dúshlánacha Tourism Ireland maidir le hioncam turasóireachta a mhéadú idir 6.6 – 7.5% in aghaidh na bliana, líon cuairteoirí a mhéadú idir 4.2 – 5.1% in aghaidh na bliana agus líon na dturasóirí so-mhargaithe a mhéadú idir 14.0 – 17.2% sna trí bliana atá amach romhainn.
10. Bhí an Chomhairle ag tnúth le tuarascálacha ó na Grúpaí Oibre a bunaíodh ag an gCruinniú de chuid na CATT, i bhformáid institiúideach, ar aistriú pinsean ar bhonn trasteorann agus ar cheisteanna baincéireachta trasteorann, atá ábharthach ó thaobh soghluaisteacht níos fearr trasteorann.

Cosaint Leanaí

11. Chuir an Chomhairle fáilte roimh an deis chun plé a dhéanamh laistigh den CATT ar cheisteanna a bhaineann le Cosaint Leanaí agus chun féachaint ar conas a bhféadfaí bearta éifeachtacha i leith cosaint leanaí a fhorbairt trí chomhoibriú agus chomhcheangal níos fearr.
12. Nótáil an Chomhairle an comhoibriú reatha trasteorann ar Chosaint Leanaí idir Ranna, gníomhaireachtaí agus forais phóilíneachta agus cuireadh fáilte roimh an gcomhoibriú sin.
13. D'iarr an Chomhairle ar an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí agus ar Oifig an Aire Leanaí grúpa trasteorann, ar a mbeadh oifigigh ó na ranna cuí, a bhunú agus comhchathaoirleacht a dhéanamh air, chun comhoibriú ar Chosaint Leanaí a threisiú. San áireamh bheadh:
 - a. dul chun cinn go luath ar fheachtas eolais uile-oileáin ar Chosaint Leanaí;
 - b. bearta meán-/fadtéarma eile a aithint chun Cosaint Leanaí a fheabhsú, ar a n-áirítear scrúdú ar chur chuige uile-oileáin i leith cosaint leanaí, ag díriú ach go háirithe ar sheiceáil agus ar mhalartú eolais;

- c. aon réimse comhoibrithe ar sheirbhísí leanaí a thagann as an Staidéar Féidearthachta Thuaidh Theas ar sheirbhísí sóisialta agus sláinte.

agus tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn ag an gcéad chruinniú lomlánach eile den CATT.

Athbhreithniú ar Chomhaontú Chill Rímhinn

14. Nótáil an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ag Grúpa Athbhreithnithe Chomhaontú Chill Rímhinn maidir leis an Athbhreithniú a bhogadh ar aghaidh agus an rún atá acu tuarascáil a chur faoi bhráid cruinniú lomlánach de chuid na CATT níos déanaí in 2008.

An Fóram Comhairliúcháin Thuaidh Theas

15. Nótáil an Chomhairle comhairliúchán Rialtas na hÉireann lena chuid comhpháirtithe sóisialta maidir leis an bhFóram Comhairliúcháin Thuaidh Theas agus nótáil sí freisin an seasamh a léiríodh roimhe seo maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bhFóram Saoránachta i dTuaisceart Éireann.

An Fóram Parlaiminte Thuaidh Theas

16. Nótáil an Chomhairle na comhráite leanúnacha idir Thithe an Oireachtais agus Comhthionól Thuaisceart Éireann maidir leis an bhFóram Parlaiminte Thuaidh Theas agus aontaíodh an t-ábhar seo a choinneáil faoi bhreithniú.

An Chéad Chruinniú Eile

17. D'aontaigh an Chomhairle go mbeadh an chéad chruinniú eile, i bhformáid lomlánach, á thionól ag Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus go mbeadh sé ar siúl í mí Dheireadh Fómhair 2008 .
18. Ghlac an Chomhairle buíochas le hUachtarán Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, an tUasal Dennis Cummins, agus le foireann agus mic léinn na hInstitiúide as comhoibriú le heagrú cruinniú na Comhairle agus as áiseanna den scoth a chur ar fáil.

An Chomhrúnaíocht

7 Feabhra 2008

**CRUINIÚ NA COMHAIRLE AIREACHTA THUAIHDH/THEAS
DÚN DEALGAN, 7 FEABHRA 2008**

Rialtas na hÉireann	Feidhmeannas Thuaisceart Éireann
Parthalán Ó hEachthairn TD (Taoiseach)	An Ró-Onórach, an Dr Ian Paisley MP MLA (Céad-Aire)
Brian Ó Comhain TD (Tánaiste agus Aire Airgeadais)	Martin McGuinness MP MLA (LeasChéad-Aire)
Nollaig Ó Díomasaigh TD (An tAire Iompair)	Peter Robinson MP MLA (An tAire Airgeadais agus Pearsanra)
Diarmuid Ó hEachthairn TD (An tAire Gnóthaí Eachtracha)	Arlene Foster MLA (An tAire Comhshaoil)
Micheál Ó Máirtín TD (An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta)	Edwin Poots MLA (An tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta)
Séamus Braonáin TD (An tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta)	Michelle Gildernew MP MLA (An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe)
Éamon Ó Cuív TD (An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta)	Caitriona Ruane MLA (An tAire Oideachais)
Máire Ní Chochlainn TD (An tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia)	Michael McGimpsey MLA (An tAire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí)
Máire Ní Ainifín TD (An tAire Oideachais agus Eolaíochta)	Margaret Ritchie MLA (An tAire Forbartha Sóisialta)
Éamon Ó Riain TD (An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha)	Ian Paisley Jnr MLA (Aire Sóisearach)
Brendan Smith TD (An tAire Leanáí)	Gerry Kelly MLA (Aire Sóisearach)